

“I dtrioblóid leis an bpríomhoide” Ardréim theanga



Tuiscint & forbairt foclóra

As ucht ...; drochbhail ...; líomhain ...;
thíos le ...



Feasacht teanga

I mo leith (réamhfhocal
comhshuite + forainm)



Scileanna cumarsáide

Ag labhairt le daoine a bhfuil
údarás acu

A: TUISCINT AGUS FORBAIRT FOCLÓRA

1. Líon na bearnaí

Bhí focail agus frásaí sa mhír a bhfuil an bhrí chéanna acu leis na focail thíos. An cuimhin leat iad? Scríobh isteach sna bearnaí cuí thíos iad.

	Comhchiall		Comhchiall
go deo		sa bhreis	
ar dtús		ag smaoineamh	
milleán		mo phost	
cóir		dá bhrí sin	

2. Abairtí a chumadh

Cuir na focail agus na frásaí thíos in abairtí anois lena mbrí a léiriú. Cuir do chuid abairtí i gcomparáid le habairtí an duine in aice leat ansin.

a) Ní mhaithfidh mé duit é	
b) Míthuiscint	
c) trína chéile	
d) drochbhail	
e) cuireadh x i mo leith	
f) goill ar	
g) thíos le	
h) líomhain/líomhaintí	
i) ar fionraí	

3. Suas, síos, thuas, thíos, anuas, aníos

'Go mbeadh Réiltín thíos le m'amaidíse', a dúirt Laoise sa mhír. Is iomaí frása atá sa Ghaeilge ina bhfuil **suas, síos, thuas, thíos, anuas, aníos** iontu. An dtuigeann tú féin conas na focail sin a úsáid i gceart?

a) Lión an bhearna i ngach abairt thíos leis an bhfocal cuí.

- Tá an mála seo iontach trom. Fágfaidh mé _____ ar an urlár é.
- Casadh orm iad agus muid ag dul _____ agus d'ólamar tae le chéile _____ ar bharr an chnoic.
- Téigh _____ staighre agus, nuair atá tú _____, glan an seomra folctha.
- Ná tar _____ an staighre go dtí go mbeidh an seomra folctha glanta agat.
- Tá an leithreas _____ san íoslach.
- Nach bhfuil an bhialann _____ ansin ag bun na sráide?
- Thit an pictiúr _____ ón mballa.
- Tá an cat _____ ar an díon agus níl sé chun teacht _____. Téigh _____ agus faigh é!
- Bhí saol maith aige agus é ag fás _____.

b) Cad is brí leis na habairtí seo?

Níl an dara dul suas againn ach imeacht.	
D'fhág sí síos siar an obair.	
D'fhéach sí síos suas orm.	

c) Cuir na frásaí seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

a bheith thíos le rud	
thíos seal thuas seal	
cur síos a dhéanamh ar	
ar an gcéad dul síos	

B: FEASACHT TEANGA

1. I mo leith (réamhfocal comhshuite + aidiacht shealbhach)

Mar a chonaic muid san fhíseán, ní féidir réamhfocal comhshuite agus forainm a chur le chéile i bhfrásaí áirithe. Is gá an aidiacht shealbhach a úsáid. Mar shampla: i mo dhiaidh, inár gcoinne.

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobhaigí amach na cinn seo anois i ngach pearsa. Tá cúpla bearna líonta cheana féin chun cabhrú libh.

Forainm	Réamhfocal comhshuite (i dteannta)	Réamhfocal comhshuite (in éadan)
mé		i m'éadan
tú	i do theannta	
sé		
sí		
muid		
sibh		
siad		

b) Aistrígí na habairtí seo go Gaeilge:

a) Why are you against me? (in aghaidh)	
b) I will go after them. (i ndiaidh)	
c) I would not like to be in their place. (in áit)	
d) She's always against him. (i gcoinne)	
e) He's running after her. (i ndiaidh)	
f) Is he with them? (i dteannta)	
g) Vera is playing against her. (in éadan)	
h) She approached me. (i dtreo)	

2. I mo leithse (an iarmhír threise)

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí an difríocht atá idir an dá abairt thíos. Téigí go dtí Ceacht 10 i Sraith 1, mura bhfuil sibh cinnte.

Cuireadh bréag i mo leith.
(I was accused of lying.)

vs

Cuireadh bréag i mo leithse.
(I was accused of lying.)

b) Aistrígí an t-alt gearr seo go Gaeilge agus abraigí amach os ard an dá alt ansin.

This is how I understand the story. He went off. She didn't do anything to him. It was his fault. He left the door open. Her bag was stolen and not his.

C: CUMARSÁID

1. Aimsigh na frásaí

Chonaic muid san fhíseán go n-úsáidimid teanga éagsúil le daoine éagsúla. Ní labhraíonn Laoise ar an tslí chéanna le Réiltín is a labhraíonn sí leis an bpríomhoide. Féach ar na frásaí thíos agus aimsigh na frásaí sa mhír a raibh an bhrí chéanna leo.

a) Brón orm faoi inné.	
b) Cara léi.	
c) Ormsa atá an locht, caithfidh mé a rá.	
d) Brón orm faoi sin.	
e) Ní hea, ambaiste.	

Cén difríocht stíle nó réime atá idir na habairtí ar chlé thuas agus na cinn a bhí sa mhír?

2. Frásaí chun buíochas agus leithscéal a ghabháil

Bí ag obair leis an duine in aice leat. An cuimhin libh na frásaí a bhí sa mhír chun buíochas agus leithscéal a ghabháil le daoine a bhfuil údarás acu? Breacaigí síos na frásaí sna boscaí cuí anois.

Focail agus frásaí foirmiúla chun buíochas a ghabháil	Focail agus frásaí foirmiúla chun leithscéal a ghabháil
Go raibh míle maith agat as ucht ...	Ba mhaith liom leithscéal a ghabháil leat ...

3. Frásaí eile chun 'is cosúil' a rá

An bhfuil bealaí eile agaibh chun 'is cosúil' a rá? Féach ar an sampla: 'Is cosúil go mbeidh na busanna ar stailc amárach.' Breacaigí sa bhosca thíos iad.

Frásaí eile chun 'is cosúil' a rá

4. Rólghníomhaíocht

Bígí ag obair i mbeirteanna anois agus an obair ullmhúcháin thuas ar fad déanta agaibh. Tugaigí faoin rólghníomhaíocht thíos. Déanaigí na róil a mhalartú.

Scenario	Duine A	Duine B
Bhí turas scoile chun na Fraince ann le déanaí. D'fhág roinnt daltaí an t-óstán gan chead agus chuaigh siad go dtí club oíche. Cé gur tháinig gach duine abhaile slán sábháilte, tá bainistíocht na scoile an-mhíshásta gur briseadh na rialacha.	Ionadaí an ranga	An príomhoide

5. Scríobh:

Scríobh an comhrá a bhí agat thuas.

FREAGRAÍ

A: TUISCINT & FORBAIRT FOCLÓRA

1. Líon na bearnaí

	Comhchiall		Comhchiall
go deo	go brách	sa bhreis	le spáráil
ar dtús	i dtús báire	ag smaoineamh	ag ceapadh
milleán	locht	mo phost	mo jab
cóir	féaráilte	dá bhrí sin	mar gheall air sin

2. Abairtí a chumadh

Mar shampla:

a) ní mhaithfidh mé duit é	Má chailleann tú mo mhála, ní mhaithfidh mé duit é.
b) míthuiscint	D'éirigh eatarthu mar gheall ar mhíthuiscint.
c) trína chéile	Tá Réiltín trína chéile tar éis an méid a tharla.
d) drochbhail	Bhí drochbhail ar an ngnó san am.
e) cuireadh x i mo leith	Cuireadh leisce i mo leith.
f) goill ar	Goilleann sé orm nuair a labhraíonn tú mar sin liom.
g) thíos le	Is iad na páistí is mó a bhíonn thíos le bochtaineacht sa bhaile.
h) líomhain/líomhaintí	Cuireadh líomhaintí bréagacha i mo leith.
i) ar fionraí	Cuireadh a ceadúnas ar fionraí.

3. Suas, síos, thuas, thíos, anuas, aníos

a) Féach:

- Tá an mála seo iontach trom. Fágfaidh mé **thíos** ar an urlár é.
- Casadh orm iad agus muid ag dul **suas** agus d'ólamar tae le chéile **thuas** ar bharr an chnoic.
- Téigh **suas** staighre agus nuair atá tú **thuas** glan an seomra folctha.
- Ná tar **anuas** an staighre go dtí go bhfuil an seomra folctha glanta agat.
- Tá an leithreas **thíos** san íoslach.
- Nach bhfuil an bhialann **thíos** ansin ag bun na sráide?
- Thit an pictiúr **anuas** ón mballa.
- Tá an cat **thuas** ar an díon agus níl sé chun teacht **anuas**. Téigh **suas** agus faigh é!
- Bhí saol maith aige agus é ag fás **aníos/suas**.

b) Féach:

Níl an dara dul suas againn ach imeacht.	<i>We have no choice but to leave.</i>
D'fhág sí síos siar an obair.	<i>She abandoned the work.</i>
D'fhéach sí síos suas orm.	<i>She looked me up and down.</i>

c) Féach:

a bheith thíos le rud	Mura ndéanann tú an obair sin, mise a bheas thíos leis.
thíos seal thuas seal	Is minic a bhíonn thíos seal agus thuas seal i gcaidreamh grá.
cur síos a dhéanamh ar	Déan cur síos ar an gcuma a bhí ar Bhríd nuair a chonaic tú í.
ar an gcéad dul síos	Ní raibh aon airgead fágtha agam ar an gcéad dul síos agus ní raibh ocraas orm pé scéal é.

B: FEASACHT TEANGA

1.

a) I mo leith (réamhfocail comhshuite + aidiacht shealbhach)

Forainm	Réamhfocail comhshuite (i dteannta)	Réamhfocail comhshuite (in éadan)
mé	i mo theannta	i m' éadan
tú	i do theannta	i d' éadan
sé	ina theannta	ina é adan
sí	ina teannta	ina h éadan
muid	inár dteannta	inár n -éadan
sibh	in bhur dteannta	in bhur n -éadan
siad	ina dteannta	ina n -éadan

b) Aistrígí na habairtí seo go Gaeilge:

a) Why are you against me? (in aghaidh)	Cad chuige a bhfuil tú i m'aghaidh?
b) I will go after them. (i ndiaidh)	Rachaidh mé ina ndiaidh.
c) I would not like to be in their place. (in áit)	Níor mhaith liom a bheith ina n-áit.
d) She's always against him. (i gcoinne)	Bíonn sí de shíor ina choinne.
e) He's running after her. (i ndiaidh)	Tá sé ag rith ina diaidh.
f) Is he with them? (i dteannta)	An bhfuil sé ina dteannta?
g) Vera is playing against her. (in éadan)	Tá Vera ag imirt ina héadan.
h) She approached me. (i dtreo)	Tháinig sí i mo threo.

2. I mo leithse (an iarmhír threise)

- a) Sa Bhéarla, úsáidtear an glór nó tuin na cainte le béim a chur ar an fhocal *I*. Sa Ghaeilge, áfach, cuireann muid eireaball beag – an iarmhír threise – leis an fhocal, mar shampla ‘Cuireadh bréag i mo leithse’ = *I was accused of lying*.
- b) Féach:

This is how <i>I</i> understand the story. He went off. <i>She</i> didn't do anything to him. It was <i>his</i> fault. <i>He</i> left the door open. <i>Her</i> bag was stolen and not <i>his</i> .	Is mar seo a thuigimse an scéal. Ghread sé leis. Ní dhearna sise aon cheo air. Airsean a bhí an locht. Eisean a d'fhág an doras oscailte. A málasa a goideadh agus ní a mhálasa.
---	--

C: CUMARSÁID**1. Aimsigh na frásaí**

Tá na frásaí a úsáideadh sa mhír (atá sa cholún ar dheis) rud beag níos foirmiúla. Tá réim níos airde ag baint leo.

a) Brón orm faoi inné.	Ba mhaith liom leithscéal a ghabháil leat faoin míthuiscint inné.
b) Cara léi.	A cara dílis.
c) Ormsa atá an locht, caithfidh mé a rá.	Agus is ormsa atá an locht, le haghaidh an fhírinne a rá.
d) Brón orm faoi sin.	Ní maith liom é sin a chloisteáil.
e) Ní hea, ambaiste.	Ar ndóigh, ní hea.

2. Frásaí chun buíochas agus leithscéal a ghabháil

Focail agus frásaí foirmiúla chun buíochas a ghabháil:	Focail agus frásaí foirmiúla chun leithscéal a ghabháil:
Go raibh míle maith agat as ucht ...	Ba mhaith liom leithscéal a ghabháil leat ...
Mo bhuíochas leat as ...	Ní mór dom leithscéal a ghabháil leat ...
Tá mé fíorbhuíoch díot as ...	Mo mhíle leithscéal faoi sin.
Tá mé faoi chomaoin agat as ...	Gabhaim pardún

3. Frásaí eile chun 'is cosúil' a rá

Féach:

Frásaí eile chun 'is cosúil' a rá:

Is cosúil ..
Shílfeá ..
Tá an chuma ar an scéal go ...
Tá an chosúlacht ar an scéal go ...

4. Rólghníomhaíocht

Tabhair deis do gach beirt an rólghníomhaíocht a dhéanamh faoi dhó agus na ról a mhalartú. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo agus ag cuidiú leo. Iarr ar gach beirt an rólghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga.

5. Scríobh

Iarr orthu an rólghníomhaíocht atá díreach déanta acu a scríobh amach ansin.

AN SCRIPT

Intreoir

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún, Sraith 2, Ceacht 12. I dtrioblóid leis an bpríomhoide – Ardreim theanga.

Ar tharla os comhair an phríomhoide riamh thú? *Have you ever found yourself in the principal's office?* Tá difear ar ndóigh idir an cineál teanga a úsáideann muid leis an phríomhoide agus a úsáideann muid le cairde nó gaolta linn. Sa cheacht seo, feicfidh tú mír ina bhfuil Réiltín i bponc arís agus cé atá ansin chun lámh chúnta a thabhairt di ach Laoise?

An mhír físe ó Ros na Rún

- Réiltín: Ní mhaithfidh mé duit go brách é mura n-oibríonn sé seo.
- Laoise: Dún suas thusa.
- Laoise: Go raibh míle maith agat as ucht castáil linn.
- Príomhoide: Níl mórán ama le spáráil agam, mar sin, céard is féidir liom a dhéanamh daoibh?
- Laoise: Bhuel, i dtús báire, ba mhaith liom leithscéal a ghabháil leat faoin míthuiscint ar fad inné. Bhí Réiltín trína chéile uilig. Níor chodail sí an oíche ach ag cuimhneamh ar an drochbhail a chuir sí ar Hannah. A cara dlí. Agus is ormsa atá an locht, le haghaidh an fhírinne a rá. Cuireadh bréag i mo leithse nuair a bhí mise níos óige. Cuireadh drochbhail ar m'ainm. Chaill mé mo jab. Agus, goilleann sé sin mé go dtí an lá atá inniu ann.
- Príomhoide: Ní maith liom é sin a chloisteáil.
- Laoise: Agus ní bheadh sé féarálte go mbeadh Réiltín thíos le mo chuid amaidíse.
- Príomhoide: Is líomhain an-dáiríre é bulaíocht.
- Laoise: Ceann a bhí go hiomlán mícheart.
- Príomhoide: Ach, ní mar gheall air sin a cuireadh Réiltín ar fionraí.
- Laoise: Ní hea?
- Príomhoide: Ar ndóigh, ní hea. Bhris tú na rialacha faoi alcól sa scoil.

Ar thuig tú?

- Ní mhaithfidh mé duit. *I won't forgive you.*
- Go brách, go deo, choíche arís – *never*.
- Go raibh míle maith agat as ucht castáil linn. *Thank you so much for meeting us.* Ó, tá Laoise an-bhéasach ar fad. Tá an gus bainte aisti. *She's humble for a change.*
- Drochbhail a chur ar dhuine – *to abuse someone, to treat very badly.*
- Cuireadh bréag i mo leithse. – *I was accused of lying.*
- Goill – *hurt*. Goilleann sé ar Laoise. *It hurts her.*
- Agus ní bheadh sé féarálte go mbeadh Réiltín thíos le mo chuid amaidíse. Thíos le, le bheith thíos le rud – *to suffer the consequences of something.*
- Líomhain – *allegation*. Bulaíocht – *bullying*.
- Cuireadh Réiltín ar fionraí. *Réiltín was suspended.* Ó, an cailín bocht!

Spotsolas ar an gcumarsáid

Caithfidh muid spotsolas anois ar an ardréim theanga sin a bhí le cloisteáil idir Laoise agus an príomhoide, agus cuirfidh muid leis na frásaí úsáideacha foirmiúla sin. *Let's look at the formal language used in the clip and add to it.*

'Go raibh míle maith agat as ucht castáil linn,' a dúirt Laoise. D'fhéadfadh sí na frásaí seo a úsáid freisin:

Mo bhuíochas leat as casadh liom.
Tá mé fíorbhuíoch díot as casadh liom.
Tá mé faoi chomaoin agat as casadh liom.

Is léir gur fear gnóthach é an príomhoide agus nach bhfuil mórán ama ná foighne aige le bheith ag casadh le déagóir dána agus a leasmháthair.

'Níl mórán ama le spáráil agam,' a deir sé.
Níl an t-uafás ama agam.
Tá brú ama orm.

Agus cé go bhfuil deifir air, fiafraíonn sé de Laoise agus Réiltín mar sin féin:

Céard is féidir liom a dhéanamh daoibh? – *How can I help you?*

An bhfuil bealach eile agat féin an cheist sin a chur?

Conas is féidir liom cabhrú libh?
An bhféadfainn cabhrú libh?
An dtig liom cuidiú libh?

Ba mhaith le Laoise leithscéal a ghabháil leis an phríomhoide ar son Réiltín agus feictear dúinn go bhfuil sí míchompordach go leor:

Ba mhaith liom leithscéal a ghabháil leat ...
Is féidir 'Ní mór dom leithscéal a ghabháil leat,' a rá nó:
Mo mhíle leithscéal faoi sin.
Gabhaim pardún.

Agus is ormsa atá an locht, a deir sí. *It's my fault.* Seo cúpla ceann eile:

Glacaim lánfhreagracht.
Tá an milleán ormsa.
Is mise is ciontaí ...

Ní maith liom é sin a chloisteáil, a deir an príomhoide. Is féidir:

Is oth liom é sin a chloisteáil, a rá freisin.

Tá brón orm é sin a chloisteáil.

Ar thug tú faoi deara?

Ar thug tú faoi deara an dóigh a ndúirt Laoise ‘I was accused of lying’? Cuireadh bréag i mo leithse, a dúirt sí. Breathnóidh muid ar an fhrása ‘i mo leithse’ le chéile anois.

Tagann an frása sin as ‘i leith’, réamhfhocal comhshuite, a chiallaíonn *about*. Nuair a chuirtear rud éigin ‘i do leith’, *you are being accused of something*. Ní féidir, áfach, ‘i leith’ agus na forainmneacha mé/tú/sé/sí agus mar sin de, a chur le chéile chomh héasca sin. Caithfear an aidiacht shealbhach a úsáid. Is é an struchtúr céanna a bhíonn i gceist le *i mo dhiaidh*. Féach:

i ndiaidh + mé =	i mo dhiaidh
i ndiaidh + tú =	i do dhiaidh
i ndiaidh + sé =	ina dhiaidh
i ndiaidh + sí =	ina diaidh
i ndiaidh + muid =	inár ndiaidh
i ndiaidh + sibh =	in bhur ndiaidh
i ndiaidh + siad =	ina ndiaidh

Tá go leor nathanna cainte deasa ann a bhfuil an struchtúr sin le feiceáil iontu. I m’éadan – *against me*, ina threo – *in his direction*, ina gcoinne – *against them* agus mar sin de.

Féach ar na cinn seo:

Chuir sé i mo choinne.

Bhí sí ina theannta.

Táimid ag imirt ina n-aghaidh.

Anois, níor mhaith liom a bheith de shíor i do dhiaidh, ach is féidir tuilleadh cleachtaidh a dhéanamh ar ábhar an cheachta seo ar snas.ie.

